UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

SCÉIM COIMEÁDTA DON FHOIREANN ACADÚIL

Arna ceadú ag an Údarás Ceannais an 27 Meán Fómhair 2011

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh.

Scéim Choimeádta Foirne Acadúla

1. Cuspóir na Scéime

Tá an Scéim seo ceaptha chun go mbeidh Ollscoil Luimnigh (OL) baill foirne a choimeád ag a bhfuil tábhacht straitéiseach i dtaca le baint amach mhisean agus chuspóirí OL de réir mar atá leagtha amach ina cuid Pleananna Straitéiseacha agus a bhfuil poist tairgthe dóibh in institiúidí coibhéiseacha trí iad a bhreithniú i gcomhair ardaithe céime chuig Léachtóir os cionn an Bharra, chuig Léachtóir Sinsearach, chuig Ollamh Comhlach agus chuig Ollamh, de réir mar is cuí, ag féachaint dá seasamh acadúil agus do leibhéal an phoist atá tairgthe dóibh.

Tá gá leis an Scéim chun a chumasú don Ollscoil feidhmiú go tapa i gcás nach bhfuil an duine den fhoireann lena mbaineann cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar ardú céime nó i gcás nach bhfuil coinne leis an gcéad bhabhta eile de phoist ardaithe céime.

2. Cáilitheacht

Tá daoine den fhoireann[1] a bhfuil ceapachán tairgthe dóibh ag institiúid eile, atá ar leibhéal níos airde ná an grad atá acu in OL, cibé acu atá siad cáilithe, nó nach bhfuil siad, cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar ardú céime faoi Bheartas iomchuí Ardaithe Céime OL, cáilithe chun iarratas a dhéanamh faoin Scéim seo i gcomhair ardaithe céime chuig an ngrád coibhéiseach lena mbaineann an ceapachán atá tairgthe dóibh, ar choinníoll go bhfuil tacaíocht acu óna nDéan.

3. Prionsabail na Scéime

3.1 Caighdeáin

Beidh na caighdeáin le haghaidh ardaithe céime faoin scéim seo mar an gcéanna leis na caighdeáin atá leagtha amach i mBeartas agus Nósanna Imeachta Ollscoil Luimnigh maidir le hArdú Céime Dáimhe agus sa Scéim maidir le hArdú Céime Inmheánach chuig Ollamh (Cathaoir Phearsanta) ag Ollscoil Luimnigh.

3.2 Struchtúr Oibríochtúil

Tá struchtúr oibríochtúil na scéime ceaptha chun leas a bhaint as nósanna imeachta atá cothrom, trédhearcach agus críochnúil agus a nglacann an pobal acadúil leo mar nósanna imeachta den sórt sin.

---

[1] Tá an Scéim oscailte do dhaoine den fhoireann bhuan agus den fhoireann téarma sheasta/pháirtaimseartha. Déanfar daoine den fhoireann téarma sheasta a n-éiríonn leo faoin scéim seo a chur faoi réir Conartha Tréimhse Éiginnte, ach sin faoi réir ceadú a fháil ón Údarás Ceannais.

4. Critéir

Cuirfear trí réimse leathana san áireamh de réir mar atá leagtha amach sa Bheartas agus sna Nósanna Imeachta maidir le hArdú Céime Dáimhe chuig an ngrád iomchuí.

- Taighde agus Scoláireacht;
- Múinteoireacht agus Foghlaim;
- Seirbhís don Ollscoil agus don Phobal i gCoitinne.

Beifear ag súil freisin, i gcás iarratasóirí ar Ollamh Comhlach/Ollamh go dtaispeánfaidh siad feidhmíocht shásúil i gCeannaireacht Acadúil de réir mar atá leagtha amach i mBeartas agus Nósanna Imeachta Ollscoil Luimnigh maidir le hArdú Céime Dáimhe agus i Scéim Ollscoil Luimnigh maidir le hArdú Céime Inmheánach chuig Ollamh (Cathaoir Phearsanta).

De bhreis air sin, i gcás gach iarratasóra, déanfar breithniú ar na nithe seo a leanas:

- Conair ghairmréime an iarratasóra;
- Seasamh na hinstitiúide a thairg an ceapachán don iarratasóir;
- Tábhacht an tsaineolais taighde atá ag an iarratasóir sa mhéid is a bhaineann sé sin le straitéis taighde na hOllscoile.

5. Iarratas a dhéanamh

5.1 Tráth an iarratais

Féadfar iarratais a dhéanamh ag tráth ar bith chuig Oifig an Uachtaráin.

5.2 Doiciméid

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:

- Curriculum vitae iomlán, lena n-áirítear:
  - Ráiteas ar na dualgais mhúinteoireachta, mar aon le punann múinteoireachta agus measúnuithe mac léinn;
  - Liosta d'fhoilseacháin, mar aon le fianaise ar luanna agus ar tionchar irisí, sa mhéid is atá siad bainteach le hábhar i ndisciplín an iarratasóra;
  - Liosta de dheontais taighde atá faighte;
  - Liosta de ghradaim a fuarthas, éachtaí agus gníomhaíochtaí gairmiúla;
  - Liosta de mhic léinn taighde atá á maoirsiú agus de mhic léinn a ndearnadh maoirsiú orthu go deireadh a gcúrsa;
  - Ráiteas ar nithe atá déanta do Roinn nó do Dháimh an iarratasóra, don Ollscoil agus don Phobal;

- Plean pearsanta gairmréime ina leagtar amach straitéis taighde agus aidhmeanna an iarratasóra sna cúig bliana ina dhiaidh sin. Ba cheart go mbeadh baint aige sin le Pleananna Straitéiseacha na Roinne, na Dáimhe agus na hOllscoile.

- Ba cheart trí theistiméireacht sheachtracha iomlána ó mholtóirí a cheangal leis an iarratas agus ba cheart go mbeadh na moltóirí sin eolach ar shaothar an iarrthóra. Tá sé de cheangal ar iarrthóirí a chinntiú go ndéanann a gcuid moltóirí a dteistiméireachtaí a thíolacadh mar ábhar rúnda chuig Rannóg na nAcmhainní Daonna.

- Cóip den litir tairisceana a fuarthas ón institiúid eile, agus faisnéis faoi ghrád an phoist a tairgeadh, faoin tuarastal agus faoi na coinníollacha a ghabhann leis an bpost sa áireamh sa ráiteas sin.

6. Measúnú

6.1 Comhdhéanamh an Choiste

Beidh an Coiste Coimeádta Foirne comhdhéanta díobh seo a leanas:

- An tUachtarán (Cathaoirleach);
- An Leas-Uachtarán, Cúrsaí Acadúla & Cláraitheoir (a fheidhmeoidh mar Chathaoirleach mura bhfuil an Cathaoirleach i láthair);
- An Leas-Uachtarán, Taighde;
- Déin Dáimhe;
- Triúr comhaltaí arna n-ainmniú ag an Uachtarán (agus beirt díobh sin ar a laghad ina n-acadóirithe seachtracha);
- Comhalta amháin den Údarás Ceannais (gan ceart vótála) nach fostaí ná mac léinn de chuid na hOllscoile é nó í;
- Beidh ionadaí AD i láthair ag cruinnithe.

Beidh ionadaíocht ag an dá inscne i measc na gcomhaltaí den Phainéal Measúnúcháin a bhfuil ceart vótála acu.

7. An Nós Imeachta

7.1 Cás *Prima Facie* a Chinneadh

Déanfaidh an Coiste cinneadh i dtaobh an bhfuil cás *prima facie* ann i ndáil le hiarratasóir a mheasúnú faoin scéim agus beidh an cinneadh sin bunaithe ar an ábhar san iarratas arna sholáthar ag an iarratasóir. Le linn teacht ar a chinneadh, féadfaidh an Coiste ráitis bhreise rúnda a iarraidh ar Cheann Roinne an iarratasóra faoi infheidhmeacht thaighde an iarratasóra maidir le haidhmeanna straitéiseacha na hOllscoile agus ráitis den sórt sin a iarraidh ar acadóirí sinsearacha eile, de réir mar is cuí leis, faoi oiriúnacht an iarratasóra i gcomhair ardaithe céime chuig an ngrád iomchuí.

7.2 An Cinneadh

I gcomhthéacs iomláine na faisnéise atá ar fáil dó, déanfaidh an Coiste Coimeádta Foirne cinneadh ar an iarratas.

8. Moladh Dearfach a Chur Chun Feidhme

8.1 Ardú Céime

Beidh moladh dearfach ón gCoiste i bhfeidhm ón gcéad lá den mhí tar éis don Údarás Ceannais an moladh ón gCoiste Coimeádta Foirne a ghlacadh agus cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas dá réir sin.